

Athrú ainm/inscne/dáta breithe/náisiúntachta

Ar ghlacadh isteach i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath do mhic léinn, déantar a gcuid sonraí pearsanta a thairfeadh de réir mar a sholáthraítear iad ar fhoirm iarratais an CAO nó ar an bhfoirm iarratais maidir le hiontrálacha díreacha, de réir mar is cuí.

Is féidir le mac léinn iarratas a dhéanamh ainm, inscne, dáta breithe, nó náisiúntacht a athrú nó a cheartú tríd an [Foirm maidir le Sonraí Pearsanta a Athrú](#). An mac léinn féin ba chóir an fhoirm seo a chomhlánú agus a thabhairt chuig Deasc Seirbhíse na Clárlainne Acadúla mar aon leis an doiciméadacht tacaíochta lena fhaomhadh. Ní mór doiciméadacht oifigiúil a bheith mar thaca le haon athrú nó ceartú a dhéantar ar shonraí pearsanta an mhic léinn. Doiciméadacht mar:

- pas bailí
- teastas breithe
- teastas pósta
- deimhniú ar athrú ainm trí ghníomhas aonpháirtí
- Deimhniú um aithint inscne

nó doiciméid eile a mheastar a bheith inghlactha ag Foireann na Deisce Seirbhíse agus ag Bainisteoir na Deisce Seirbhíse. Ní mór an doiciméadacht a bheith ag teacht go díreach leis an iarratas ar athrú a chláraítear.

Tacaíocht do Mhic Léinn Trasinscne

Tá an Chlárlann Acadúil tiomanta tacú leis an bpobal mac léinn ilghnéitheach san Ollscoil agus eispéireas seirbhíse atá éifeachtúil, ionchuimsitheach agus gairmiúil a chur ar fáil. Mar chuid de [Polasaí Choláiste na Tríonóide maidir le Féiniúlacht agus Léiriú Inscne](#) tacaíonn an Chlárlann Acadúil le mic léinn trasinscne agus le mic léinn atá ag athrú inscne chun a gcuid sonraí pearsanta agus a dtairfeadh mac léinn a nuashonrú d'fhonn a n-ainm/inscne ceart a chur in iúl.

1) Mic Léinn a bhfuil doiciméadacht oifigiúil acu

Féadfaidh mic léinn trasinscne a bhfuil an doiciméadacht oifigiúil acu a thacaíonn leis an athrú atá á iarraidh (e.g. pas/gníomhas aonpháirtí, deimhniú um aithint inscne) úsáid a bhaint as an [Gnáthfhoirm maidir le Sonraí Pearsanta a Athrú](#). Níl aon ghníomh eile de dhíth.

2) Mic léinn nach bhfuil doiciméadacht oifigiúil acu

Féadfaidh mic léinn trasinscne nach bhfuil fáil acu ar dhoiciméadacht ina ndeimhnítear an t-athrú atá á iarraidh acu an [Gnáthfhoirm maidir le Sonraí Pearsanta a Athrú](#) a líonadh isteach **AGUS** an [Foirm maidir le Sonraí Pearsanta a Athrú \(Foirm Dhearbhaithe\)](#).

Déantar an fhoirm seo a chomhlánú in éineacht le teagascóir pearsanta an mhic léinn/Seirbhís Chomhairleach na nIarchéimithe /Oifig an Teagascóra Shinsearaigh de réir mar is cuí. Deimhnítear leis seo go dtoilfónn an mac léinn leis na rialacháin a leagtar amach maidir le hathruithe ar thaifid mac léinn agus go dtuigeann siad nach mbeidh siad cláraithe ach faoi na sonraí sin amháin.

Comhaontaíonn mic léinn a chuireann isteach an fhoirm dhearbhaithe go gcuirfidh siad doiciméadacht faoi bhráid amach anseo nuair a bheidh sí ar fáil.

- Níl cead teidil oifigiúla (e.g. Onórach, Tiarna, Bantiarna, Prionsa etc.) inisealacha, lúibíní, ná ainm taca (e.g. 'Jnr', 'Snr', 3ú, etc.) a bheith mar chuid d'ainm cláraithe mic léinn.
- Ní féidir ainm cláraithe mic léinn a athrú tar éis dheireadh na chéad choicíse de Théarma na Féile Bríde sa bhliain dheireanach ag mac léinn ionas gur féidir próiseáil ar thorthaí na scrúduithe deireanacha a éascú agus socruithe a dhéanamh do shearmanais Bhronnta na gCéimeanna.
- Cuirtear in iúl do mhic léinn nach mór an t-ainm a chuirtear ar iarratais dheontais / víosa a bheith ag teacht leis an ainm atá cláraithe acu le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. D'fhéadfadh deacracht a bheith le seic deontais a éileamh mura ndéanfar cinnte dá leithéid. Tabhair faoi deara le do thoil nach ndeimhneofar stádas clárúcháin mic léinn i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath ach faoin ainm atá cláraithe acu.
- A luaithe a dhéanfar athrú ar ainm i do thaifead mic léinn, maithfear an táille chun do Chárta Aitheantais Mic Léinn TCD a athsholáthar nuair a thabharfar an cárta bunaidh ar ais.

I ndiaidh d'Iarratas a chur isteach

Déanfar taifid mhic léinn a nuashonrú laistigh de 24 uair an chloig. Is féidir le mic léinn ar mian leo a gcárta mic léinn a athrú amhlaidh a dhéanamh saor in aisce tríd an gcárta bunaidh a thabhairt ar ais chuig Deasc Seirbhíse na Clárlainne Acadúla.

Acmhainní Breise

Tá sainoilíúint maidir le seirbhísí do chustaiméirí, éagsúlacht agus trasinscne curtha ar an bhfoireann seirbhísí sa Chlárlann Acadúil agus, dá bhrí sin, tá an Deasc Seirbhíse in ann freagra tuisceanach a thabhairt ar aon cheist a bheadh ag mic léinn LADT.

Más mian leat aon iarratas ar athrú a phlé sula dtagann tú chuig an Deasc Seirbhíse, déan teagmháil linn tríd an gcaipéis ASK AR ar do thairseach my.tcd.ie, nó trí academic.registry@tcd.ie. Táimid ar fáil chun labhairt leat freisin ag +353 896 4500.

Chun tuilleadh treorach agus tacaíochta a fháil maidir le hinscne a athrú san Ollscoil:

Oifig an Teagascóra Shinsearaigh

R-phost: stosec@tcd.ie

Teileafón: + 353 1 896 -2551

Suíomh Gréasáin: [www.tcd.ie/Senior Tutor](http://www.tcd.ie/Senior_Tutor)

Seoladh: Teach 27, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 2

An Oifig Comhionannais

R-phost: equality@tcd.ie

Seoladh: Oifig an Rúnaí, An Téatar Thiar, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 2.

Teileafón: +353-1-896-3282

Suíomh Gréasáin: <https://www.tcd.ie/equality>

Aontas na Mac Léinn

An tOifigeach Leasa

R-phost: welfare@tcdsu.org

Seoladh: Teach 6, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 2
Teileafón: 083 847 3215 / +353 1 646 8437

An tOifigeach um Chearta LADT - lgbt@tcdsu.org